



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

TUARASCÁIL GHUTH NA MNCANNA BUNSCOILE

2024.2025



@Oide_Droichead



Forléargas ar Ghuth an MNC

Le linn na bliana acadúla 2024.2025, rinne 2,084 Múinteoir Nuacháilithe bunscoile (MNCanna) iarratas ó 1,238 scoileanna ar fud na tíre ar pháirt a ghlacadh i bpróiseas ionduchtúcháin Droichead. Chun dearchtaí agus eispéiris na MNCanna seo a ghabháil, bhailigh an Rannán Ionduchtúcháin Droichead sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla ar ghnéithe éagsúla den phróiseas.

Rinneadh Suirbhé um Guth an MNC chun deis a thabhairt do MNCanna a ghlac páirt sa phróiseas Droichead le linn na bliana acadúla 2024.2025 aiseolas barántúil, macánta agus fiúntach a roinnt ar a n-eispéiris shaoil le linn an phróisis ionduchtúcháin. Rinne MNCanna a chomhlánaigh an suirbhé é sin a dhéanamh go deonach ina gcuid ama féin.

Roinn rannpháirtithe a chomhlánaigh an suirbhé léargas luachmhar a chuirfidh bonn eolais faoi agus neartú do thacaíocht leanúnach an Rannáin Ionduchtúcháin Droichead do MNCanna ina dturas gairmiúil. Gabhann an tuairisc seo na torthaí lárnacha agus na dearchtaí a roinneadh.

Achoimre ar Shonraí

Uimhreacha suntasacha



2,084 MNCanna



1,238 Scoileanna




92% de MNCanna a raibh Sracphlean acu



91% de MNCanna a chríochnaigh Droichead thar 2 - 3 théarma

Suíomh Ranga

Suíomh Phríomhshrutha: Grád Aonair
Suíomh Phríomhshrutha: Ilghrád
MOS: Suíomh Phríomhshrutha
Rang Speisialta: Suíomh Phríomhshrutha
Scoil Speisialta
Post an Phainéil Soláthair
Post Ama Scaoilte Phríomhoide



Líon na MNCanna a chomhlánaigh an suirbhé





Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Snáithe A


IONDUCTÚ SCOILBHUNAITHE

Éagsúlacht na nGníomhaíochtaí Ionductaithe

gníomhaíochtaí scoile cruinnithe ionductúcháin cruinnithe rialta
cruinniú pleanála cruinnithe le múinteoirí cruinnithe tacaíochta
cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí  cruinnithe Pháirc an Chrócaigh
polasaithe scoile imeachtaí scoile cruinnithe foirne múinteoirí ranga
cruinnithe le Múinteoirí Oideachais Speisialta cúrsaí múinteoirí a bhfuil taithí acu
cruinnithe le ba(i)ll den Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) cruinnithe Droichead

Breathnóireachtaí MNC ar Bhail FTG agus Múinteoirí Eile

Múinteoirí eile
amháin 35%



FTG agus
múinteoirí
eile 53%

FTG amháin 12%

Bhreathnaigh 47% de MNCanna ball
FTG faoi dhó nó níos minice.

Bhreathnaigh 67% de MNCanna
múinteoirí eile faoi dhó nó níos minice.

Breathnaíodh 98% de MNCanna
idir 2-4 huaire.

Lionsa Ceachta: Príomhfhócas na Breathnóireachta




@Oide_Droichead



Snáithe B

Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise

Léargas ar GFGB



“

Ní raibh mé cinnte an raibh mé ag spreagadh mo dhaltaí EAL go barr a gcumais le linn ár gceachtanna agus dá bhrí sin theastaigh uaim cúrsa a dhéanamh a thabharfadh aghaidh ar sin agus a thabharfadh níos mó eolais dom maidir le conas tacú leo níos éifeachtaí.

”

Taisce

Choinnigh 96% de na
MNCanna Taisce.

Thaifead siad a gcuid machnaimh sna bealaí seo a leanas:

Leabhar
Nótaí

Fillteán

Néal
Ar Líne

Fillteán
Digiteach

Cnuaschruinnithe

Mheas dhá thrian de MNCanna go raibh
Cnuaschruinnithe cabhrach nó an-chabhrach.




Léargais MNC

Cásanna a Laimhseáladh go Maith

Ag obair le tuismitheoirí

Bainistíocht ama

A bheith faoi bhreathnú



Súil a choinneáil ar
na rudaí ar fad atá
le déanamh

Cuidiú a lorg agus
ceisteanna a chur

Eispéiris Le Linn na Chéad Bhliana den Teagasc

Sa chéad bhliain den teagasc, thuairiscigh MNCanna roinnt príomhréimsí ina raibh tacaíocht óna FTG tábhachtach. Tháinig dúshlán le gach foghlaimeoir a chuimsiú chun cinn mar an dúshlán is coitianta, de réir mar a chuaigh múinteoirí i ngleic leis an ngá chun teoracha a athrú chun riar ar éagsúlacht de leibhéil acadúla, stíleanna foghlama agus riachtanais a scoláirí. Bhí ceangail láidir idir sin agus an dúshlán a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do pháistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, bhí gá le hullmhúchán sa bhreis, comhoibriú le foireann tacaíochta, agus tuiscint níos leithne ar straitéisí ionchuimsitheacha.

B'iad bainistíocht ranga agus measúnú príomhréimsí eile ina raibh múinteoirí gníomhach ag déanamh forbartha ar a straitéisí gairmiúla. Bhí ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim go mór chun tosaigh freisin, de réir mar a threisigh múinteoirí a gcur chuige chun ceachtanna tarraingteacha, éifeachtacha a chruthú.

Tháinig folláine phearsanta agus cothromaíocht shláintiúil a choinneáil idir an obair agus an saol chun cinn mar phríomhréimse don mhachnamh, inar aithin neart múinteoirí nua an tábhacht a bhaineann le gnáthaimh agus córais tacaíochta a bhunú chun cuidiú leo dul i ngleic leis na héilimh a bhaineann leis an ngairm agus a n-acmhainneacht phearsanta a chothú ag an am céanna.



Mol Machnaimh

Machnamh Pearsanta

“ Is fiúntach an próiseas é Droichead, go háirithe an seans plé a dhéanamh le comhghleacaithe eile sa scoil. ”

“ Bhí foireann agus scoil iontach agam chun cuidiú liom ar m'aistear agus ba bheag a d'aithin mé go mbeadh sé ar an aistear is fiúntaí i mo ghairm go dtí seo. ”

“ Chuir an próiseas Droichead ar mo shúile dom, an tábhacht a bhaineann le spriocanna réalaíocha a shocrú agus tascanna a chur in ord tosaíochta. ”

“ B'iontach an tacaíocht a fuair mé ó na múinteoirí eile sa scoil agus ba mhór agam an deis breathnú ar mhúinteoirí eile chomh maith! ”

Comhairle do MNCanna eile ag Tabhairt faoin bPróiseas Droichead

“ Foghlaimeoidh tú an oiread sin sa bhreis fút féin agus faoin stíl teagaisc atá agat. Múnlóidh sé thú le bheith i do mhúinteoir ar an dóigh a raibh tú i gcónaí ag dúil. ”

“ Ná bíodh drogall ort imní nó buaireamh ar bith a chur in iúl, is cuma cé chomh beag nó neamhthábhachtach á gcosúlacht. ”

“ Faigh comhairle ó d'Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla fad is atá an deis agat. ”